Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Aibreán 2019**
**(OR. en)**

**8382/19**

**COPS 117**
**CIVCOM 43**
**FIN 284**
**CFSP/PESC 276**
**CSDP/PSDC 170**
**RELEX 366**
**JAI 384**
**COAFR 71**
**EUCAP SAHEL 14**
**EUCAP MALI 19**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7279/19 COPS 76 CIVCOM 22 FIN 230 CFSP/PESC 205 CSDP/PSDC 113 RELEX 250 JAI 281 COAFR 47 EUCAP SAHEL 5 EUCAP MALI 10 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *"Strengthening the capacity of the internal security forces in Niger and Mali: only limited and slow progress"* [Cumas na bhfórsaí slándála inmheánaí a neartú sa Nígir agus Mailí: dul chun cinn teoranta agus mall] |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *"Strengthening the capacity of the internal security forces in Niger and Mali: only limited and slow progress"*,[Cumas na bhfórsaí slándála inmheánaí a neartú sa Nígir agus Mailí: dul chun cinn teoranta agus mall] mar a ghlac an Chomhairle iad ag a cruinniú ar an 8 Aibreán 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE TUARASCÁIL SPEISIALTA UIMH. 15/2018 Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA *STRENGTHENING THE CAPACITY OF THE INTERNAL SECURITY FORCES IN NIGER AND MALI ONLY LIMITED AND SLOW PROGRESS* [CUMAS NA bhFORSAÍ SLÁNDÁLA INMHEANAÍ A NEARTÚ SA NÍGIR AGUS MAILÍ: DUL CHUN CINN TEORANTA AGUS MALL]**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle gur fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2018: dar teideal *Strengthening the capacity of the internal security forces in Niger and Mali: only limited and slow progress*[Cumas na bhfórsaí slándála inmheánaí a neartú sa Nígir agus Mailí: dul chun cinn teoranta agus mall] a chlúdaíonn an tréimhse ó seoladh Misean an Aontais Eorpaigh um Fhorbairt Acmhainní (EUCAP) in Sahel Niger i 2012 agus Misean EUCAP an Aontais Eorpaigh in Sahel Mali i 2014. Aithníonn an Chomhairle go gcuidíonn cinntí CIE leis na modhanna oibre agus na próisis laistigh de na misin a fheabhsú.

2. Tugann an Chomhairle dá haire gur chinn CIE in ainneoin an chomhthéacs dhúshlánaigh agus na neamhéifeachtúlachtaí oibríochtúla atá ann, gur rannchuidigh na misin le cumas na bhfórsaí atá freagrach as slándáil inmheánach a neartú. Molann sí an obair chrua a rinne an dá mhisean as a d'eascair thar na blianta a ról mar chomhpháirtithe tábhachtacha a thacaíonn le próisis athchóirithe earnála slándála an dá thír. Is díol sásaimh don Chomhairle na héachtaí a cuireadh i gcrích maidir le cur chun feidhme an tsainordaithe nuair a rinneadh na hathbhreithnithe straitéiseacha agus na síntí sainordaithe.

3. Cuireann an Chomhairle ábharthacht na gcúig mholadh arna gceapadh ag an gCúirt Iniúchóirí i bhfios: bearta a dhéanamh chun éifeachtúlacht oibríochtúil na misean a fheabhsú; ráta fostaíochta na bpost foirne sna misin a fheabhsú; sainorduithe agus buiséid a shocrú chun oibríochtaí a chur le chéile agus a chur ar fáil do straitéis scoir; cur leis an bhfócas ar inbhuanaitheacht; feabhas a chur ar tháscairí, ar fhaireachán agus ar mheastóireacht.

4. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil roinnt beart á cur chun feidhme mar fhreagairt ar na moltaí i dtuarascáil CIE, lena n-áirítear mar chuid den obair leantach ar an gcomhshocrú sibhialtach CBSC agus na gealltanais atá tugtha ann ag na Ballstáit, SEGS agus an Coimisiún.

5. Ar an gcéad dul síos, is díol sásaimh don Chomhairle na bearta a rinneadh chun éifeachtúlacht oibríochtúil na misean a fheabhsú, arna gcur chun feidhme ag SEGS agus ag an gCoimisiún. Áirítear orthu sin oibríochtú croí-acmhainn freagrúlachta maidir le feabhas a chur ar chumas mearimscartha saineolaithe cáilithe, an tArdán Tacaíochta Misean a dhaingniú, stórais straitéiseach a bhunú agus tarmligean freagrachtaí a sholáthar chuig ceannairí misean. Tugann an Chomhairle dá haire freisin obair leanúnach SEGS arb é is aidhm di cur le cur chun feidhme trí threoir phraiticiúil agus samplaí de dhea-chleachtais a sholáthar do na misin. Iarrann sí ar SEGS agus ar an gCoimisiún na tionscnaimh éagsúla sin a chur ar aghaidh, de réir mar is iomchuí.

6. Ar an dara dul síos, tugann an Chomhairle dá haire gur tháinig feabhas ar rátaí fostaíochta sa dá mhisean ó foilsíodh an tuarascáil. Á mheabhrú di na gealltanais ón gComhshocrú Sibhialtach CBSC maidir le líon méadaithe na mball foirne ar iasacht agus an tosaíocht a thugtar dóibh, meabhraítear don Chomhairle mar a d'iarr sí ar SEGS athbhreithniú a dhéanamh ar a bheartas earcaíochta agus na nósanna imeachta dá chuid do mhisin shibhialta CBSC, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Iarrann an Chomhairle ar SEGS féachaint ar réitigh chun dul i ngleic leis an síorathrú foirne ar mhisin.

7. Ar an tríú dul síos, meabhraíonn an Chomhairle a cinntí tréimhsí buiséadacha dhá bhliain a chur ar bun don dá mhisean[1,2], a bheidh i gcomhréir lena sainorduithe ilbhliantúla agus níos faide, chomh maith lena gcuspóirí ag cur san áireamh an staid mar atá ar an talamh.

---

1 CINNEADH (CBES) 2018/1247 ÓN gCOMHAIRLE ar an 18 Meán Fómhair 2018 lena leasaítear Cinneadh 2012/392/CBES maidir le misean CBSC an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUCAP Sahel Niger) - IO L 235, 19.9.2018;

2 CINNEADH (CBES) 2019/312 ÓN gCOMHAIRLE ar an 21 Feabhra 2019 lena leasaítear agus lena leathnaítear Cinneadh 2014/219/CBES maidir le misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) - IO L 51, 22.2.2019

8. Ar an gceathrú dul síos, tugann an Chomhairle dá haire an t-uasghrádú ar ghníomhaíochtaí oiliúna agus comhairle an dá mhisean a bhfuil sé mar aidhm leo dul i muinín na meantóireachta chun a gcuid contrapháirtithe a oiliúint, chomh maith le feabhas a chur ar chur chuige na n-oiliúnóirí. Iarrann an Chomhairle ar an dá mhisean díriú tuilleadh ar inbhuanaitheacht, straitéisí aistrithe a fhorbairt, agus gníomhaíochtaí a thabhairt ar láimh, de réir mar is iomchuí, chun neamhspleáchas i bhfórsaí slándála inmheánaí a spreagadh, agus díriú ar thacaíocht agus ar chúltaca a sholáthar, chomh maith le hobair leantach den úsáid a bhaintear as oiliúint agus trealamh a dhéanamh. I dtaca leis sin, cuireann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí is atá sé go neartófaí an smacht áitiúil ar na húdaráis sa Nígir agus Mailí.

9. Ar deireadh, maidir le moladh CIE chun feabhas breise a chur ar tháscairí faireachán agus meastóireachta na misean, is díol sásaimh don Chomhairle mar a treisíodh acmhainní meastóireachta trí chealla tiomnaithe sa dá mhisean a bhunú. Spreagann sé sin an dá mhisean chun leanúint dá bpróisis faireacháin, mheastóireachta agus chumais a fhorbairt. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar SEGS, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún, féachaint an bhféadfaí meastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar mhisin CBSC.

10. Is díol sásaimh don Chomhairle mar a ghníomhaigh an dá mhisean leis an gCoimisiún agus le tionscnaimh dhéthaobhacha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh chun cur chuige comhtháite an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn. Is díol sásaimh chomh maith don Chomhairle na leibhéil shuntasacha comhair idir na Misin CBSC go léir i réigiún na Saiheile, agus i gcreat phróiseas an reigiúnaithe, agus a rannpháirtíocht le comhpháirtithe idirnáisiúnta amhail Misean Ilghnéitheach Comhtháite Cobhsúcháin na Náisiún Aontaithe i Mailí (MINUSMA), agus cláir agus struchtúir ghníomhaireachtaí eile de chuid na Náisiún Aontaithe agus struchtúir G5 na Saiheile. Spreagann an Chomhairle SEGS agus gníomhaithe CBSC chun an comhordú seo a neartú tuilleadh.